An Roinn Dlí agus Cirt
agus Comhionannais
Department of Justice
and Equality

# Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn

## Tuarascáil Bhliantúil 2018




www.blueblindfold.gov.ie

# Clár na nÁbhar

RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN ........ 2

1. MÍNIÚ AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE ........ 4

   CÉARD É GAINNEÁIL AR DHAOINE ........ 4

   CÉN FÁTH A dTARLAÍONN GÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS CÁ hÁIT A dTARLAÍONN SÍ ........ 5

   SMUIGLÉAIL DAOINE VS. GÁINNEÁIL AR DHAOINE ........ 6

2. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE IN ÉIRINN ........ 7

   FORLÉARGAS 2018 ........ 7

   SONRAÍ 2014-2018 ........ 9

3. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE SAN EORAIP ........ 14

4. FREAGAIRT NA hÉIREANN I LEITH NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE ........ 16

   AN DLÍ IDIRNÁISIÚNTA ........ 16

   AN CREAT DLÍ IN ÉIRINN ........ 16

   TACAÍOCHTAÍ STÁIT D'ÍOSPARTAIGH ........ 18

   COIR NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE A CHOMHRAC ........ 22

   PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA ........ 23

5. MEASÚNUITHE AGUS COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA ........ 24

   TUARASCÁIL 2018 NA STÁT AONTAITHE maidir le 'DAOINE A GHÁINNEÁIL' ........ 24

6. DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2018 ........ 27

   TIONSCADAIL FAOIN bPLEAN NÁISIÚNTA GNÍOMHAÍOCHTA ........ 27

   IMEACHTAÍ MÉADAITHE FEASACHTA ........ 27

   OILIÚINT ........ 30

   TAIGHDE ........ 30

   MAOINIÚCHÁN ........ 31

# RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Is cúis áthais don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an deichiú tuarascáil bhliantúil ar Gháinneáil ar Dhaoine in Éirinn (2018) a thíolacadh ar tuarascáil í a chlúdaíonn an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018.

Comhlíonann an tuarascáil oibleagáidí tuairiscithe na hÉireann faoi Airteagal 19 de Threoir AE maidir le Gáinneáil ar Dhaoine (2011/36/EU)[1].

Seo a leanas struchtúr na tuarascála seo:

- I gCaibidil 1 tugtar sainmhíniú ar gháinneáil ar dhaoine agus tugtar míniú ar shaintréithe na gáinneála ar dhaoine
- I gCaibidil 2 tugtar staitisticí faoi íospartaigh na gáinneála ar dhaoine de réir mar atá sainaitheanta ag Éirinn don bhliain 2018
- I gCaibidil 3 tugtar achoimre ar mhéid na gáinneála san Eoraip
- I gCaibidil 4 tugtar cur síos ar fhreagairt Stáit agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha na hÉireann i leith choir na gáinneála agus i leith cúram a sholáthar d'íospartaigh.
- I gCaibidil 5 dírítear ar iarrachtaí na hÉireann chun gáinneáil a chomhrac agus chun tacaíochtaí a chur ar fáil d'íospartaigh.
- I gCaibidil 6 tugtar cur síos ar ghníomhartha suntasacha agus ar dhul chun cinn suntasach a rinneadh sa bhliain 2018 maidir le cuspóirí an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta i gcoinne na gáinneála ar dhaoine a bhaint amach.

In Éirinn, shainaithin an Garda Síochána 64 íospartach a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine sa bhliain 2018. Ba íospartaigh dúshaothraithe saothair iad 35 dhuine díobh sin, ba íospartaigh dúshaothraithe ghnéasaigh iad 27 nduine díobh agus ba íospartaigh coiriúlachta éigeantaí iad beirt díobh.

Rinne an Coimisiún Eorpach staidéar staitistiúil a fhoilsiú maidir le gáinneáil ar dhaoine san Aontas Eorpach. Léirítear sa tuarascáil sin go raibh 20,532 dhuine, idir fhir agus mhná agus leanaí, cláraithe mar íospartaigh na gáinneála san Aontas Eorpach sa tréimhse 2015-2016. Ach is dócha go bhfuil an líon iarbhír go mór níos airde ós rud é nach mbraitear cuid mhór íospartach.

Ní raibh aon chiontuithe ann sa bhliain mar gheall ar chionta gáinneála ar dhaoine agus is maith a thuigtear na deacrachtaí a bhaineann le ciontuithe a bhaint amach in aghaidh gáinneálaithe. Tá an Garda Síochána ag leanúint de roinnt cásanna a shaothrú go dian ar cásanna iad a tionscnaíodh roimh an mbliain 2018 agus, sa bhliain 2018, chuir siad tús le caingne maidir le roinnt cásanna nua.

[1] 'Déanfaidh na Ballstáit na bearta riachtanacha chun rapóirtéirí náisiúnta nó sásraí coibhéiseacha a bhunú. I measc chúraimí na sásraí sin áireofar measúnachtaí a dhéanamh ar threochtaí maidir le gáinneáil ar dhaoine, tomhas a dhéanamh ar thorthaí gníomhaíochtaí in aghaidh na gáinneála, lena n-áirítear staitisticí a bhailiú i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí sochaí sibhialta iomchuí atá gníomhach sa réimse seo, agus tuairisciú a dhéanamh'.

Déanann Roinn Stáit na Stát Aontaithe measúnú gach bliain ar ghníomhartha de chuid tíortha ar fud an domhain chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Maidir le Tuarascáil 2018 maidir le Gáinneáil ar Dhaoine, cé gur tuairiscíodh go raibh rialtas na hÉireann tar éis "iarrachtaí suntasacha a dhéanamh maidir leis na caighdeáin íosta a bhaint amach le linn na tréimhse tuairiscithe trí chomhoibriú le himscrúduithe idirnáisiúnta agus tríd an maoiniúchán do sheirbhísí d'íospartaigh a mhéadú", rinneadh laghdú ar rátáil na hÉireann a thuairisciú sa tuarascáil, is é sin, laghdú ó Leibhéal 1 go Leibhéal 2.

De réir an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac, tugtar gealltanas go gcinnteoidh an Roinn go mbeidh maoiniúchán ar fáil d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha atá gníomhach i réimse na gáinneála ar dhaoine. Tríd an ngealltanas sin, tugtar aitheantas don ról atá ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha maidir le cabhrú le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine rochtain a fháil ar na tacaíochtaí riachtanacha chun cabhrú leo téarnamh ón uafás a d'fhulaing siad. Chuir an Roinn maoiniúchán ar fáil do Ruhama: €325,000 agus do Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn: €50,000.

I mí Iúil 2018, thug an Pápa Proinsias cuairt ar Éirinn agus bhuail sé leis an Uachtarán Ó hUigínn. Bhí gáinneáil ar dhaoine san áireamh sna hábhair a pléadh le linn an chruinnithe teaghlach a bhí ann mar chuid de chuairt an Phápa ar Éirinn.

Ar Lá Frithgháinneála Daoine an Aontais Eorpaigh ar an 18 Deireadh Fómhair, d'óstáil an AHTU taispeáint scannáin faisnéise dhuaisbhaintigh dar teideal "The Price of Sex" san *Odeon* i gCearnóg an Iosta, Baile Átha Cliath.

Ar an 6 Aibreán 2018, sheol an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Charlie Flanagan TD, leagan athchóirithe den láithreán gréasáin '*Blue Blindfold*', www.blueblindfold.gov.ie. Soláthraíonn an láithreán nuadheartha, ar a dtugtar blueblindfold.gov.ie, forléargas áisiúil ar an tslí ina dtagann an choir chun cinn in Éirinn, ar an tslí inar féidir le daoine den phobal comharthaí gáinneála a thabhairt faoi deara agus a thuairisciú, agus ar an tslí ina dtacaíonn an Stát le híospartaigh nuair a shainaithnítear iad. Spreagann móitíf an '*Blue Blindfold*' do dhaoine den phobal gan neamhshuim a dhéanamh do chomharthaí na gáinneála ar dhaoine.

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Lúnasa 2019

# 1. MÍNIÚ AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE

## CÉARD É GAINNEÁIL AR DHAOINE

Is coir é Gáinneáil ar Dhaoine agus is sárú ar chearta an duine é. Le gur féidir le staid a bheith ina staid gáinneála, ní mór trí ghné shainiúla (gníomh, modh, cuspóir) a bheith ann:

- Ní mór GNÍOMH earcaíochta, iompair, aistrithe, dídeanaithe nó glactha a bheith déanta ar mhaithe le ...
- Is ionann an MODH agus foréigean nó cineálacha eile comhéigin, fuadaigh, calaoise, meallaidh, drochúsáide cumhachta nó staide leochaileachta a bhagairt nó a úsáid, nó íocaíochtaí a thabhairt nó a ghlacadh, agus ní mór go gcuirtear i gcrích é ar mhaithe le ...
- DÚSHAOTHRÚ i.e. dúshaothrú gnéasach, dúshaothrú saothair, iarraidh déirce éigeantach, coiriúlacht éigeantach nó baint orgáin.

**Gáinneáil ar leanaí: nóta tábhachtach:**

Ní féidir le leanbh toiliú le gáinneáil a dhéanamh air nó uirthi agus, dá bhrí sin, níl feidhm ag gné an MHODHA maidir le leanaí. I gcás linbh, is leor an GNÍOMH a bhaineann le leanbh a earcú, a iompar, a aistriú, a dhídeanú nó a ghlacadh ar mhaithe le DÚSHAOTHRÚ le go mbeidh gáinneáil i gceist.

Mar an gcéanna, is annamh a bheidh gáinneáil ar dhaoine i gceist mar thoradh ar leanbh a dhúshaothrú gan gné an GHNÍMH a bheith ann, cé gur cion coiriúil eile é.



Tá na trí ghné shainiúla thuas le brath sa sainmhíniú ar gháinneáil ar dhaoine mar atá leagtha amach i g**Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa faoi Bheartaíocht in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine** agus i **bPrótacal na Náisiún Aontaithe chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith a lena bhForlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta:**

> "Ciallóidh gáinneáil ar dhaoine daoine a earcú, a iompar, a aistriú, a dhídeanú nó a ghlacadh trí fhoréigean nó cineálacha eile nó cineálacha eile comhéigin, fuadaigh, calaoise, meallaidh, drochúsáide cumhachta nó staide leochaileachta a bhagairt nó a úsáid, nó íocaíochtaí a thabhairt nó a ghlacadh d'fhonn toiliú a fháil ó dhuine a bhfuil smacht aige nó aici ar dhuine eile, ar mhaithe le dúshaothrú.
>
> Folóidh dúshaothrú, ar a laghad, dúshaothrú striapachais daoine eile nó cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh, saothar éigeantach nó seirbhísí éigeantacha, sclábhaíocht nó cleachtais atá comhchosúil le sclábhaíocht, daoirse nó orgáin a bhaint."

In Éirinn, tá na sainmhínithe sin curtha san áireamh san **Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008** agus san **Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú) 2013**.

## CÉN FÁTH A dTARLAÍONN GÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS CÁ hÁIT A dTARLAÍONN SÍ

Is coir ardbhrabúis-ísealriosca í an gháinneáil ar dhaoine agus í bunaithe ar phrionsabail an tsoláthair agus an éilimh. Déanann líonraí nó daoine coiriúla teacht i dtír ar shraith nithe ar a dtugtar 'brúigh agus tarraing' agus míníonn sé sin an chúis go dtarlaíonn sé go mbíonn daoine leochaileacha nach bhfuil deiseanna acu agus a bhfuil dálaí maireachtála uathu ina dtír féin nó i dtír iasachta gafa mar chuid de shlabhra gáinneála ar dhaoine. Is é an méid sin, mar aon leis an éileamh ar shaorshaothar agus ar sheirbhísí gnéasacha, a chothaíonn an gháinneáil ar dhaoine.



*Is fachtóir riosca é an bhochtaineacht i dtaca le daoine teacht chun bheith ina n-ábhar gáinneála.*

Is féidir daoine a gháinneáil isteach i gcineálacha éagsúla oibre san earnáil talmhaíochta, san earnáil mhonaraíochta agus sa tionscal seirbhíse. D'fhéadfadh obair bhialainne agus óstáin,


obair tí, agus obair i réimsí na tógála, na talmhaíochta agus na siamsaíochta a bheith i gceist leis sin. Is féidir daoine a gháinneáil isteach i saol an striapachais, is féidir a thabhairt orthu gabháil d'iarraidh déirce agus do choiriúlacht, lena n-áirítear trí dhrugaí neamhdhleathacha a shaothrú nó trí dhéileáil iontu.

## SMUIGLÉAIL DAOINE VS. GÁINNEÁIL AR DHAOINE

Tá sé tábhachtach an t-idirdhealú idir gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine a thabhairt do d'aire. Is é atá sa difríocht iomchuí ná gur **rud neamhthoiliúil é an gháinneáil** ach bíonn toiliú i gceist le smuigleáil daoine, is é sin, toiliú ón duine atá á smuigleáil.

An rud a gcuirtear tús leis mar smuigleáil, d'fhéadfadh sé teacht chun bheith ina staid gháinneála nuair a dhéantar duine a smuigleáladh a dhúshaothrú ina dhiaidh sin trí fhoréigean, trí chomhéigean, trí mhealladh etc. le linn na smuigleála nó dá héis.

- Is é atá i gceist le smuigleáil daoine ná éascaíocht a dhéanamh, ar mhodh neamhdhleathach, i leith imircigh a bheith ag teacht isteach i Stát agus, os a choinne sin, ní mór foréigean, comhéigean nó mealladh a bhagairt nó a úsáid in aghaidh íospartaigh (aosaigh) a bheith ann i dtaca le gáinneáil de.
- Trí bhíthin smuigleáil daoine, éascaítear iontráil neamhdhleathach duine isteach sa Stát ach d'fhéadfadh sé go dtiocfadh íospartaigh na gáinneála isteach sa Stát ar mhodh dleathach agus ar mhodh neamhdhleathach araon.
- Ní mór go ndéantar smuigleáil daoine thar theorainneacha idirnáisiúnta ach níl aon cheanglas ann gur thrasnaigh duine teorainn le go mbeidh gáinneáil i gceist - is féidir gáinneáil a bheith ann laistigh de theorainneacha náisiúnta agus tarlaíonn sí laistigh de theorainneacha náisiúnta.
- Cé gur minic a tharlaíonn smuigleáil daoine faoi dhálaí contúirteacha nó táireacha, is é a bhíonn i gceist léi ná imircigh a thoiligh leis an smuigleáil. Maidir le híospartaigh na gáinneála, níor thoiligh siad riamh nó, i gcás inar thoiligh siad ar dtús, tá an toiliú sin gan bhrí mar thoradh ar ghníomhartha comhéigin, meallaidh nó drochúsáide an lucht gáinneála.
- Tagann deireadh le smuigleáil daoine nuair a shroicheann na himircigh a gceann scríbe; murab ionann agus gáinneáil, níl dúshaothrú leanúnach íospartach i gceist léi.



# 2. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE IN ÉIRINN

**Nóta maidir le staitisticí:**
Is deacair meastachán a dhéanamh ar mhéid na gáinneála mar gheall ar an líon beag íospartach a shainaithnítear gach bliain agus mar gheall ar shaintréithe na gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear an rúndacht a bhaineann léi agus an forluí atá ag baint léi i dtaca le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha. De bhreis air sin, mar thoradh ar an líon measartha íseal íospartach in aon bhliain áirithe, is féidir le teagmhais aonuaire a mbíonn líon mór íospartach i gceist iontu tionchar suntasach a imirt ar na figiúirí foriomlána.

Dá bhrí sin, soláthraíonn na tuarascálacha staitistiúla atá ann sa roinn seo anailís mhionsonraithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil d'údaráis, seachas cuntas beacht a thabhairt ar mhéid an fheiniméin in Éirinn.

Glacann tuarascáil bhliantúil 2018 leis an gcur chuige a bhí ann i mblianta roimhe seo maidir le haicmiú íospartach coireanna a ionchúisíodh faoi alt 3(2) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998 (arna leasú leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008). Ar bhonn an dea-chleachtais idirnáisiúnta, ní dhéantar na híospartaigh sin a chomhaireamh mar íospartaigh gáinneála.

## FORLÉARGAS 2018

Shainaithin an Garda Síochána 64 íospartach a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine sa bhliain 2018. Ba íospartaigh dúshaothraithe saothair iad 35 dhuine díobh sin, ba íospartaigh dúshaothraithe ghnéasaigh iad 27 nduine díobh agus ba íospartaigh coiriúlachta éigeantaí iad beirt díobh.

**Tábla 1 An líon iomlán íospartach a sainaithníodh in Éirinn sa bhliain 2018**

| | An Líon | Iomlán mar % |
|---|---|---|
| An Líon Iomlán Íospartach a Sainaithníodh | 64 | 100% |
| Aosaigh | 59 | 92% |
| Mionaoisigh | 8 | 8% |
| | | |
| Cionta a tharla in Éirinn | 51 | 80% |
| Cionta a tharla lasmuigh d'Éirinn | 13 | 20% |

Maidir le híospartaigh ar tharla an choir ina leith lasmuigh d'Éirinn, ligeadh na daoine sin isteach i gcóras na dtacaíochtaí Stáit ar a dtugtar an Córas Náisiúnta Atreorúcháin agus tugtar na seirbhísí céanna dóibh a bheadh ar fáil dá mba rud é gur tharla an choir laistigh den tír.

| Tábla 2 Tíortha Foinse | An Líon | Iomlán mar % |
|---|---|---|
| An Rómáin | 17 | 27% |

| | | |
|---|---|---|
| **An Nigéir** | 14 | 22% |
| **An Éigipt** | 9 | 14% |
| **Gána** | 6 | 9% |
| **Eile** | 18 | 28% |

| **Tábla 3 Gáinneáil de réir an Chineáil Dúshaothraithe** | **An Líon** | **Iomlán mar %** |
|---|---|---|
| **Gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú saothair** | 35 | 55% |
| An tionscal iascaireachta | 16 | - |
| An tionscal feirmeoireachta | 10 | - |
| Daoirse tí | 6 | - |
| An tionscal glanta gluaisteán | 3 | - |
| **Gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú gnéasach** | 27 | 42% |
| **Gáinneáil ar mhaithe le coiriúlacht éigeantach** | 2 | 3% |
| **Iomlán** | 64 | 100% |

## SONRAÍ 2014-2018

Sna táblaí atá ann ina dhiaidh seo, leagtar amach an líon íospartach a sainaithníodh in Éirinn le 5 bliana anuas, an cineál dúshaothraithe a rinneadh orthu agus a réigiún tionscnaimh.

### ÍOSPARTAIGH DE RÉIR BLIANA, AOISE AGUS INSCNE

I dTábla 1, déantar an líon íospartach amhrasta a shainaithin an Garda Síochána a thaispeáint de réir na bliana inar braitheadh na cásanna lena mbaineann, de réir aoise agus de réir inscne. Braitheadh 314 íospartach le 5 bliana anuas agus sainaithníodh 64 íospartach sa bhliain 2018.

**Tábla 4 Íospartaigh amhrasta de réir bliana, aoise agus inscne**

| Bliain | Aois | Baineann | Fireann | Trasinscne | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 2014 | Aosaigh | 26 | 8 | - | 34 |
| | Mionaoisigh | 2 | 2 | - | 4 |
| | Iomlán | 28 | 10 | - | 38 |
| 2015 | Aosaigh | 35 | 19 | 1 | 55 |
| | Mionaoisigh | 6 | 1 | - | 7 |
| | Iomlán | 41 | 20 | 1 | 62 |
| 2016 | Aosaigh | 38 | 36 | - | 74 |
| | Mionaoisigh | 1 | - | - | 1 |
| | Iomlán | 39 | 36 | - | 75 |
| 2017 | Aosaigh | 42 | 30 | - | 72 |
| | Mionaoisigh | 3 | - | - | 3 |
| | Iomlán | 45 | 30 | - | 75 |
| 2018 | Aosaigh | 30 | 29 | - | 59 |
| | Mionaoisigh | 3 | 2 | - | 5 |
| | Iomlán | 33 | 31 | - | 64 |
| Iomlán | Aosaigh | 171 | 122 | 1 | 294 |
| | Mionaoisigh | 15 | 5 | - | 20 |
| | Iomlán | 186 | 127 | 1 | 314 |

Go foriomlán, léiríonn an treocht méadú ar an líon íospartach a bhraitear in aghaidh na bliana le cúig bliana anuas ach tharla laghdú sa chóimheas idir fir agus mná. Ach, i bhfianaise na líonta measartha íseal íospartach a bhraitear in Éirinn in aghaidh na bliana, is féidir le teagmhais aonuaire ina mbraitear líon mór íospartach in aon iarraidh amháin tionchar a imirt ar an gcóimheas idir fir agus mná.

Tharla athrú sa mhiondealú inscne i dtaca le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine in Éirinn sa tréimhse ó 2017 go 2018. Sa bhliain 2017, b’ionann líon na n-íospartach fireann agus 66% de na híospartaigh agus b’ionann líon na n-íospartach baineann agus 34% de na híospartaigh. Sa bhliain 2018, b’ionann líon na n-íospartach fireann agus 48% de na híospartaigh agus b’ionann líon na n-íospartach baineann agus 52% de na híospartaigh.

## ÍOSPARTAIGH DE RÉIR RÉIGIÚIN AGUS DE RÉIR AN CHINEÁIL DÚSHAOTHRAITHE

I dTábla 2, tugtar miondealú ar an 314 íospartach gáinneála ar dhaoine de réir réigiún tionscnaimh agus de réir inscne.

**Tábla 5 Íospartaigh amhrasta de réir bliana, de réir réigiún tionscnaimh, agus de réir an chineáil dúshaothraithe**

| Bliain | Réigiún Tionscnaimh | Dúshaothrú Gnéasach | Dúshaothrú Saothair | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **2014** | An Afraic | 5 | 2 | 1 | 8 |
| | LEE | 11 | 5 | 4 | 20 |
| | Meiriceá Theas | 8 | - | - | 8 |
| | An Áise | - | - | 1 | 1 |
| | Eoraip Neamh-LEE | - | - | 1 | 1 |
| **2015** | An Afraic | 14 | 5 | 1 | 20 |
| | LEE | 16 | 14 | 6 | 36 |
| | Meiriceá Theas | 1 | - | - | 1 |
| | An Áise | - | 3 | - | 3 |
| | Eoraip Neamh-LEE | 1 | - | - | 1 |
| | Eile | - | 1 | - | 1 |
| **2016** | An Afraic | 13 | 4 | - | 17 |
| | LEE | 11 | 31 | 5 | 47 |
| | Meiriceá Theas | 4 | - | - | 4 |
| | An Áise | 3 | 3 | - | 6 |
| | Eoraip Neamh-LEE | 1 | - | - | 1 |
| **2017** | An Afraic | 16 | 12 | - | 28 |
| | LEE | 5 | 8 | 9 | 22 |
| | Meiriceá Theas | 4 | - | - | 4 |
| | An Áise | 5 | 14 | - | 19 |
| | Éire | 1 | 1 | - | 2 |
| **2018** | An Afraic | 18 | 16 | 1 | 35 |
| | LEE | 4 | 14 | 1 | 19 |
| | Meiriceá Theas | 2 | - | - | 2 |
| | An Áise | 2 | 4 | - | 6 |
| | Eoraip Neamh-LEE | - | 1 | - | 1 |
| | Éire | 1 | - | - | 1 |
| **Iomlán** | An Afraic | 66 | 39 | 3 | 108 |
| | LEE | 47 | 72 | 25 | 144 |
| | Meiriceá Theas | 19 | - | - | 19 |
| | An Áise | 10 | 24 | 1 | 35 |
| | Eoraip Neamh-LEE | 2 | 1 | 1 | 4 |
| | Eile | - | 1 | - | 1 |
| | Éire | 2 | 1 | - | 3 |
| | **Iomlán** | 146 | 138 | 30 | 314 |

Le 5 bliana anuas, bhain 46% de na cásanna amhrasta maidir le híospartaigh leis an réigiún LEE agus bhain 34% díobh leis an Afraic agus 11% díobh leis an Áise.

## ÍOSPARTAIGH DE RÉIR BLIANA, DÚSHAOTHRAITHE AGUS INSCNE

Tháinig an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ár Dhaoine) (Leasú) 2013 i bhfeidhm i mí Lúnasa 2013 agus, leis an Acht sin, leathnaíodh an sainmhínú ar gháinneáil ar dhaoine chun dúshaothrú duine ar mhaithe le hiarraidh déirce éigeantach agus rannpháirtíocht éigeantach i ngníomhaíochtaí coiriúla le haghaidh gnóthachan airgeadais a chur san áireamh.

Roimhe sin, rinneadh na catagóirí sonracha dúshaothraithe líomhnaithe sin a thaifeadadh mar 'dúshaothrú neamhchatagóirithe' nó mar 'dúshaothrú saothair'. Bhain an t-aon chatagóir eile a bhí ann sa bhliain 2014 le dúshaothrú an chórais inimirce, is é sin le rá, an chatagóir "neamheol/eile".

I dTábla 6 thíos, taispeántar an treocht maidir le cineál an dúshaothraithe in Éirinn.

**Tábla 6 Íospartaigh de réir bliana, dúshaothraithe agus inscne**

| Bliain | An Cineál Dúshaothraithe | Baineann | Fireann | Trasinscne | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 2014 | Dúshaothrú Gnéasach<br>Dúshaothrú Saothair<br>Coiriúlacht Éigeantach<br>Eile<br>Dúshaothrú Gnéasach & Saothair<br>Iarraidh Déirce Éigeantach | 23<br>3<br>-<br>-<br>1<br>1 | 1<br>4<br>4<br>1<br>-<br>- | -<br>-<br>-<br>-<br>-<br>- | 24<br>7<br>4<br>1<br>1<br>1 |
| 2015 | Dúshaothrú Gnéasach<br>Dúshaothrú Saothair<br>Coiriúlacht Éigeantach<br>Dúshaothrú Gnéasach & Saothair | 30<br>8<br>1<br>2 | 1<br>15<br>4<br>- | 1<br>-<br>-<br>- | 32<br>23<br>5<br>2 |
| 2016 | Dúshaothrú Gnéasach<br>Dúshaothrú Saothair<br>Coiriúlacht Éigeantach<br>Dúshaothrú Gnéasach & Saothair | 32<br>6<br>-<br>1 | -<br>32<br>4<br>- | -<br>-<br>-<br>- | 32<br>38<br>4<br>1 |
| 2017 | Dúshaothrú Gnéasach<br>Dúshaothrú | 28<br>11<br>5 | 3<br>24<br>3 | -<br>-<br>- | 31<br>35<br>8 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Saothair<br>Coiriúlacht<br>Éigeantach<br>Iarraidh Déirce<br>Éigeantach | 1 | - | - | 1 |
| **2018** | Dúshaothrú<br>Gnéasach<br>Dúshaothrú<br>Saothair<br>Coiriúlacht<br>Éigeantach | 26<br>7<br>- | 1<br>28<br>2 | -<br>-<br>- | 27<br>35<br>2 |
| **Iomlán** | Dúshaothrú<br>Gnéasach<br>Dúshaothrú<br>Saothair<br>Coiriúlacht<br>Éigeantach<br>Eile<br>Dúshaothrú<br>Gnéasach &<br>Saothair<br>Iarraidh Déirce<br>Éigeantach | 139<br>35<br>6<br>-<br>4<br>2 | 6<br>103<br>17<br>1<br>-<br>- | 1<br>-<br>-<br>-<br>-<br>- | 146<br>138<br>23<br>1<br>4<br>2 |

**Tábla 7 Íospartaigh de réir bliana, de réir réigiún tionscnaimh, agus de réir an chineáil dúshaothraithe**

| Réigiún Tionscnaimh | Dúshaothrú Gnéasach | Dúshaothrú Saothair | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| An Afraic<br>LEE<br>Meiriceá Theas<br>An Áise<br>Eoraip Neamh-LEE | 5<br>11<br>8<br>-<br>- | 2<br>5<br>-<br>-<br>- | 1<br>4<br>-<br>1<br>1 | 17<br>25<br>1<br>1<br>1 |
| An Afraic<br>LEE<br>Meiriceá Theas<br>An Áise<br>Eoraip Neamh-LEE<br>Eile | 14<br>16<br>1<br>-<br>1<br>- | 5<br>14<br>-<br>3<br>-<br>1 | 1<br>6<br>-<br>-<br>-<br>- | 20<br>36<br>1<br>3<br>1<br>1 |
| An Afraic<br>LEE<br>Meiriceá Theas<br>An Áise<br>Eoraip Neamh-LEE | 13<br>11<br>4<br>3<br>1 | 4<br>31<br>-<br>3<br>- | -<br>5<br>-<br>-<br>- | 17<br>47<br>4<br>6<br>1 |
| An Afraic<br>LEE<br>Meiriceá Theas<br>An Áise<br>Éire | 16<br>5<br>4<br>5<br>1 | 12<br>8<br>-<br>14<br>1 | -<br>9<br>-<br>-<br>- | 28<br>22<br>4<br>19<br>2 |
| An Afraic<br>LEE<br>Meiriceá Theas<br>An Áise<br>Eoraip Neamh-LEE<br>Éire | 18<br>4<br>2<br>2<br>-<br>1 | 16<br>14<br>-<br>4<br>1<br>- | 1<br>1<br>-<br>-<br>-<br>- | 35<br>19<br>2<br>6<br>1<br>1 |

# 3. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE SAN EORAIP

Rinne an Coimisiún Eorpach[2] mórstaidéar staitistiúil a fhoilsiú i mí na Nollag maidir le gáinneáil ar dhaoine san Aontas Eorpach. Léiríonn an staidéar sin staitisticí a tiomsaíodh ar leibhéal Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le gáinneáil ar dhaoine. I dtaca leis an bpróiseas bailithe sonraí sin, chuathas i dteagmháil le gach ceann de na 28 mBallstát agus clúdaíonn sé na blianta 2015 agus 2016 agus déantar uasdátú ar shonraí a bailíodh sa bhliain 2014 de réir mar is iomchuí.

Léiríonn an tuarascáil sin go raibh 20,532 dhuine, idir fhir agus mhná agus leanaí, cláraithe mar íospartaigh na gáinneála san Aontas Eorpach sa tréimhse 2015-2016. Ach is dócha go bhfuil an líon iarbhír go mór níos airde ós rud é nach mbraitear cuid mhór íospartach.

Is iad mná agus cailíní an grúpa is leochailí i gcónaí i leith gáinneála (68%) is ionann an líon leanaí lena mbaineann agus 23% de na híospartaigh chláraithe.




**20,532 íospartach cláraithe** gáinneála san Aontas Eorpach sna blianta 2015 agus 2016







Is é an dúshaothrú gnéasach an cineál dúshaothraithe is coitianta agus is ionann a mhéid agus níos mó ná an leathchuid (56%) de na híospartaigh chláraithe i dtaca le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine de. Ba é an dúshaothrú saothair ba chuspóir do gháinneáil i gcás thart ar an gceathrú cuid (26%) de na híospartaigh chláraithe. Ba é a bhí i gceist le cineálacha 'Eile' ná 18%.


---

[2] Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag: https://ec.europa.eu/home-affairs/sites/homeaffairs/files/what-we-do/policies/european-agenda-security/20181204_data-collection-study.pdf ; bileog eolais ar fáil ag: https://ec.europa.eu/home-affairs/sites/homeaffairs/files/what-we-do/policies/european-agenda-security/20181204_agenda-on-security-factsheet-report-thb_en.pdf




Tá leibhéal na n-ionchúiseamh agus na gciontuithe íseal, is é sin le rá, tuairiscíodh go raibh 5,979 n-ionchúiseamh agus 2,927 gciontú ann. Níor tuairiscíodh ach 18 gciontú mar gheall ar úsáid feasach seirbhísí a bhí á soláthar ag íospartaigh.

Thug an Coimisiún dá aire gurbh amhlaidh, d'ainneoin gur bhreithnigh na saineolaithe nach raibh aon treochtaí inbhraite ann, gur thug siad cobhsaíocht leanúnach faoi deara i ndáil le sonraí ar leith e.g.: Tá 95% d'íospartaigh an dúshaothraithe ghnéasaigh baineann; baineann trí cheathrú de na hionchúisimh le gáinneáil ghnéasach.



# 4. FREAGAIRT NA hÉIREANN I LEITH NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE

## AN DLÍ IDIRNÁISIÚNTA

Tá reachtaíocht náisiúnta na hÉireann bunaithe ar an tiomantas domhanda agus Eorpach maidir le comhrac a dhéanamh in aghaidh na gáinneála ar dhaoine. Is iad seo a leanas na príomhionstraimí idirnáisiúnta:

- **Prótacal Palermo na Náisiún Aontaithe** sa bhliain 2020: Prótacal chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta[3].
- **Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa** in aghaidh Gáinneáil ar Daoine: Coinbhinsiún de chuid Chomhairle na hEorpa sa bhliain 2005 maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, ar coinbhinsiún é a daingníodh i mí Iúil 2010[4].
- **Treoir AE 2011/36/EU**

## AN CREAT DLÍ IN ÉIRINN



Trí reachtaíocht na hÉireann agus, chomh maith leis sin, trí bhearta riaracháin maidir le tacaíocht d'íospartaigh, cuirtear na conarthaí idirnáisiúnta sin i bhfeidhm go hiomlán.

Is iad seo a leanas na príomhionstraimí dlí in Éirinn:

- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008[5]. Is é an tAcht sin an príomh-Acht maidir le gáinneáil agus tugtar sainmhíniú ann ar an gcoir agus ar na pionóis ina leith, cé is moite de gháinneáil ghnéasach ar leanaí. Leis an Acht, déantar coir de na gníomhartha seo a leanas:  gáinneáil ar aosaigh; gáinneáil ar leanaí chun críoch seachas dúshaothrú gnéasach (rud a ndéileáiltear leis in Acht 1997) - féach anseo thíos); striapach a dhéanamh de dhuine ar a ndearnadh gáinneáil; agus íocaíocht a thabhairt i leith gnéas le duine ar a ndearnadh gáinneáil.
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998[6]. Clúdaíonn an tAcht seo gáinneáil ar leanaí, drochúsáid gnéasach leanaí agus pornagrafaíocht leanaí. I dtaca le gáinneáil ar dhaoine de, déantar coir, leis an Acht, de gháinneáil ar leanaí ar mhaithe le dúshaothrú gnéasach.
- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú) 2013[7]. Le hAcht leasaitheach 2013, modhnaíodh an sainmhíniú ar Dhúshaothrú Saothair le go

---

[3] https://www.ohchr.org/en/professionalinterest/pages/protocoltraffickinginpersons.aspx
[4] https://rm.coe.int/168008371d
[5] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2008/act/8/enacted/en/print.html
[6] http://www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/22/enacted/en/print.html
[7] http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/24/enacted/en/print.html

mbeadh sé i gcomhréir le sainmhínithe de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ar saothar éigeantach agus tugadh éifeacht do Threoir AE 2011/36/AE.

# TACAÍOCHTAÍ STÁIT D'ÍOSPARTAIGH

## ÍOSPARTAIGH A SHAINAITHINT

Féadfaidh íospartach gáinneála teacht ar chabhair ar roinnt bealaí. Féadfaidh siad teacht chun cinn iad féin chuig an nGarda Síochána nó chuig seirbhís eile de chuid an Stáit. D'fhéadfadh sé tarlú go dtarrthálfar iad le linn oibríocht phóilíneachta. Féadfaidh siad dul i dteagmháil le hEagraíocht Neamhrialtasach (a bhfaigheann cuid acu maoiniúchán ón Stát), amhail Ruhama nó Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn (MRCI). Ina theannta sin, tugann na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha sin tacaíocht leanúnach d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine. D'fhéadfadh sé tarlú freisin go dtiocfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ambasáidí agus daoine den phobal ar íospartaigh freisin. Tá feasacht i measc an phobail thar a bheith tábhachtach i dtaca le híospartaigh ionchasacha gáinneála a shainaithint. Tá tuilleadh faisnéise faoi tháscairí i leith na gáinneála ar dhaoine ar fáil ar an láithreán gréasáin '*Blue Blindfold*' (www.blueblindfold.gov.ie).

Déantar íospartaigh ionchasacha a tharchur chuig an nGarda Síochána le go sainaithneofar an stádas sin ina leith agus chun iad a thaifeadadh sa Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin (NRM), mar a thugtar ar na tacaíochtaí Stáit.

## AN MHEICNÍOCHT NÁISIÚNTA ATREORÚCHÁIN AGUS NA STRUCHTÚIR RIARACHÁIN TACAÍOCHTA

Cuireann Éire córas íospartach-láraithe tacaíochtaí Stáit ar fáil d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine atá sainaitheanta ag an nGarda Síochána. Tá na tacaíochtaí sin ar fáil tríd an Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin (NRM) ar creat é trína gcomhlíonann an Stát a cuid oibleagáidí chun cearta daonna íospartaigh gáinneála a chosaint agus a chur chun cinn, agus í ag obair i gcomhar leis an tsochaí shibhialta. I measc na dtacaíochtaí sin áirítear cóiríocht, seirbhísí liachta, cúnamh dlí agus comhairle dlí, gan trácht ar thacaíochtaí eile.

I gcás nach mian le híospartaigh gáinneála, ná nach mian le daoine atá ag obair thar ceann íospartach, a bheith i dteagmháil leis an nGarda Síochána, ní thaifeadtar sa Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin iad agus ní féidir leo leas a bhaint as na seirbhísí go léir a sholáthraíonn an Stát go díreach. Ach tuigeann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an leisce a bhíonn ar roinnt íospartach teacht chun tosaigh agus, dá bhrí sin, soláthraíonn an Roinn maoiniúchán do roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha chun tacaíocht agus seirbhísí a sholáthar d'íospartaigh lasmuigh den Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin.

Ag aon chéim den phróiseas, nó más náisiúnach neamh-LEE é/í an t-íospartach nach gá dó/di, i dtaca le cúrsaí imscrúdúcháin nó pearsanta de, fanacht sa Stát, éascaíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) dó/di filleadh abhaile. Reáchtálann an IOM cláir fillte agus Ath-Lánpháirtithe de chineál deonach agus cuidithe. Tá an cúnamh sin ar fáil d'íospartaigh gáinneála, beag beann ar a náisiúntacht, ar mian leo filleadh abhaile go deonach ach nach bhfuil na hacmhainní acu, lena n-áirítear na doiciméid riachtanacha,

chuige sin. Tá oifigí ag IOM i gcuid mhór tíortha agus tá líon mór díobh tar éis líonra láidir tacaíochta a chur ar bun i réimsí éagsúla amhail saoráidí tithíochta agus cúnamh liachta, agus é mar aidhm aige sin tacú le híospartaigh le linn phróiseas deacair an ath-lánpháirtíochta.

Is féidir mionsonraí iomlána faoin Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin a fháil ag www.blueblindfold.gov.ie, áit a bhfoilsítear nósanna imeachta foirmiúla chun treoir a thabhairt d'oifigigh phoiblí le linn íospartaigh gáinneála a shainaithint agus a chosaint:

- Tá Ráiteas ar Róil agus ar Fhreagrachtaí[8] ann ina leagtar amach na róil agus na freagrachtaí atá ag gníomhaireachtaí Stáit agus ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha. Déantar cur síos sa Ráiteas ar an bpróiseas sainaitheanta, ar an raon seirbhísí agus beart cúnaimh atá ar fáil, ar fhaisnéis maidir le rochtain ar na seirbhísí sin, agus ar an ról a bhíonn ag eagraíochtaí iomchuí ag céimeanna éagsúla.
- Tá Socruithe Riaracháin Inimirce[9] ann chun bealach a chur ar fáil chun fanacht sa Stát fad a bheidh imscrúdú ar siúl ar gháinneáil i gcás íospartaigh amhrasta gáinneála Neamh-LEE nach bhfuil an cead sin acu thairis sin. D'fhéadfadh an chosaint shealadach sin teacht chun bheith ina cead maidir le buanchónaí.
- Tugann Treoir maidir le Nósanna Imeachta d'Íospartaigh Gáinneála in Éirinn[10] faisnéis d'íospartaigh gáinneála i ndáil lena gcuid ceart.

## EAGRAÍOCHTAÍ RANNPHÁIRTEACHA

Déantar comhoibriú dlúth idir na páirtithe leasmhara sa chomhrac in aghaidh na gáinneála a aithint, ar bhonn idirnáisiúnta mar ghné thábhachtach de straitéis rathúil frithgháinneála. Díríonn trí chomhlacht Stáit shainiúla go díreach ar gháinneáil ar dhaoine.

Comhordaíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an beartas maidir le gáinneáil ar dhaoine in Éirinn agus oibríonn sí i gcomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid na hÉireann agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

Tá **an tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine** (HTICU) ina chuid de Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB) agus tá oilteacht ar leith ar oifigigh de chuid an Aonaid sin maidir le gáinneáil ar dhaoine.

Soláthraíonn **an tAonad um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc** (AHTT) i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) plean cúraim ar leithligh do gach íospartach gáinneála ar dhaoine.

De bhreis air sin, soláthraíonn aturnaetha de chuid **an Bhoird um Chúnaimh Dlíthiúil** cúnamh dlí agus comhairle dlí d'íospartaigh gáinneála. Déanann an Ghníomhaireacht

8 http://www.blueblindfold.gov.ie/en/BBF/Statement%20of%20Roles%20and%20Responsibilities.pdf/Files/Statement%20of%20Roles%20and%20Responsibilities.pdf

9 http://www.blueblindfold.gov.ie/en/BBF/Administrative%20Immigration%20Arrangements%20for%20the%20Protection%20of%20Victims%20of%20Human%20Trafficking%20-%20March%202011.pdf/Files/Administrative%20Immigration%20Arrangements%20for%20the%20Protection%20of%20Victims%20of%20Human%20Trafficking%20-%20March%202011.pdf

10 http://www.blueblindfold.gov.ie/en/BBF/Guide%20to%20Procedures%20June%202015.pdf/Files/Guide%20to%20Procedures%20June%202015.pdf

Fáiltithe agus Imeasctha (RIA) cóiríocht a chur ar fáil d'íospartaigh ionchasacha agus amhrasta ar bhun tarchur a fhaightear ón nGarda Síochána.

Fanann íospartaigh ionchasacha agus amhrasta atá san áireamh sa phróiseas tearmainn i gcóiríocht RIA fad atá cinneadh á dhéanamh i ndáil lena n-éileamh ar thearmann nó ar phróisis ghaolmhara (e.g. iarratas ar Chead chun Fanacht nó ar Chosaint Choimhdeach).

Tá **Ruhama** lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus is Eagraíocht Neamhrialtasacha í a oibríonn ar leibhéal náisiúnta in éineacht le mná atá thíos le striapachas agus le cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh tráchtála. Soláthraíonn Ruhama seirbhís do mhná atá páirteach faoi láthair i striapachas ar an tsráid agus i striapachas eas-sráide, do mhná atá ag fágáil shaol an striapachais, do mhná atá ina n-íospartaigh gáinneála gnéasaí agus do mhná a raibh baint acu le striapachas roimhe seo.

Is eagraíocht náisiúnta í **Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn** (MRCI) agus oibríonn sí chun ceartas, cumhachtú agus comhionannas a chur chun cinn thar ceann oibrithe imirceacha agus a dteaghlach. Soláthraíonn MRCI faisnéis, tathaint agus tacaíocht dlí d'imircigh agus dá dteaghlaigh ar fud na hÉireann. Oibríonn an eagraíocht chun íospartaigh gáinneála i gcomhair dúshaothrú saothair a shainaithint, agus chun tacú leo, agus tacaíonn sí le fás agus forbairt roinnt grúpaí gníomhaíochtaí a chumasaíonn d'oibrithe imirceach leochaileach a bheith ag obair le chéile agus feabhas a chur ar dhálaí oibre in earnálacha sonracha.

I measc na n-eagraíochtaí eile atá gníomhach maidir le soláthar seirbhísí d'íospartaigh gáinneála, áirítear na heagraíochtaí seo a leanas:

Oibríonn **an Chomhairle um Inimircigh in Éirinn** (ICI) chun feabhsuithe a bhaint amach i dtaca le cearta agus cosaintí d'imircigh agus dá dteaghlaigh trí oibriú a dhéanamh i ndáil le beartas agus feasacht maidir le saincheisteanna a bhaineann le himirce, lánpháirtiú agus gáinneáil ar dhaoine. Tá ionad neamhspleách dlí ag an ICI agus oibríonn siad líne chabhrach le haghaidh fiosruithe maidir le hinimirce.

Tá an ***Sexual Violence Centre Cork*** (SVCC) lonnaithe i gCorcaigh agus is eagraíocht é a oibríonn chun deireadh a chur le foréigean gnéasach sa tsochaí trí mhéadú a dhéanamh ar an bhfeasacht maidir le minicíocht, teagmhais agus dinimicí an fhoréigin idirphearsanta sa tsochaí. I measc a cuid seirbhísí airítear comhairliú tacaíochta, ionadaíocht, líne chabhrach teileafóin agus Seirbhís Cóireála Ionsaí Ghnéasaigh (SATS).

Is é atá in **Doras Luimnigh** ná eagraíocht a oibríonn chun tacú le cearta imirceach a bhfuil cónaí orthu i Luimneach agus i réigiún an Mheániarthair i gcoitinne, agus chun cearta na ndaoine sin a chur chun cinn. Soláthraíonn an eagraíocht tacaíocht dhíreach speisialaithe d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine agus do mhná atá ag gabháil do striapachas nó atá ag fágáil shaol an striapachais.

Is eagraíocht idirnáisiúnta í an **Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce** (IOM) agus baineann a príomhfhreagracht le cúnamh a thabhairt do dhaoine maidir le filleadh ar a dtír thionscnaimh más mian leo déanamh amhlaidh. Tugtar cúnamh do náisiúnaigh AE agus do náisiúnaigh neamh-AE araon.

## COIR NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE A CHOMHRAC

Ní raibh aon chiontuithe ann sa bhliain 2018 mar gheall ar chionta gáinneála ar dhaoine agus is maith a thuigtear na deacrachtaí a bhaineann le ciontuithe a bhaint amach in aghaidh gáinneálaithe. Tá an Garda Síochána ag leanúint de roinnt cásanna a shaothrú go dian ar cásanna iad a tionscnaíodh roimh an mbliain 2018 agus, sa bhliain 2018, chuir siad tús le caingne maidir le roinnt cásanna nua.

De bharr chineál idirnáisiúnta na coire seo, glacann an Garda Síochána páirt i ngníomhartha idirnáisiúnta in aghaidh gáinneála freisin, agus déantar gníomhaíocht shuntasach sa réimse seo a lua anseo thíos.

### GRÚPA SANTA MARTA - TIONSCADAL MUIRÍ AN ATLANTAIGH THUAIDH

Is é atá i nGrúpa Santa Marta ná comhghuaillíocht idirnáisiúnta príomhoifigeach póilíneachta agus easpaig as gach cearn den domhan atá ag obair in éineacht leis an tsochaí shibhialta chun deireadh a chur le gáinneáil ar dhaoine agus le sclábhaíocht an lae inniu. Tá Éire i gceannas ar Thionscadal Muirí an Atlantaigh Thuaidh in éineacht leis an Ríocht Aontaithe, leis an Spáinn agus leis an bPortaingéil. Ag éirí as a rannpháirtíocht i nGrúpa Santa Marta, tá imscrúduithe á ndéanamh ag Éirinn maidir le gáinneáil ar dhaoine sa tionscal iascaireachta. Faoi chúram Thionscadal Muirí an Atlantaigh Thuaidh, rinne an Garda Síochána roinnt idirghabhálacha agus imscrúduithe oibríochtúla sa bhliain 2018. Mar thoradh ar na hidirghabhálacha agus na himscrúduithe sin, sainaithníodh 16 íospartach gáinneála ar dhaoine sa tionscal iascaireachta sa bhliain 2018. Tairgeadh seirbhísí do na híospartaigh go léir faoin bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta agus tá siad ag cabhrú go gníomhach leis an imscrúdú. Sainaithníodh roinnt daoine atá faoi amhras agus táthar ag leanúint d'imscrúduithe faoina gcuid gníomhaíochtaí.

### AN tARDÁN EORPACH ILDISCIPLÍNEACH I gCOINNE BAGAIRTÍ COIRIÚLA (EMPACT)

Sa bhliain 2018, chuaigh AGS isteach i dTimthriall AE 2018-2021, Grúpa EMPACT i leith na Gáinneála ar Dhaoine. Tagann Grúpa EMPACT le chéile in Europol sa Háig agus is é an tArdán Ildisciplíneach i gcoinne Bagairtí Coiriúla é. Tá sé ina chuid de chur chuige póilíneachta de chineál faisnéiseach i leith dul i ngleic le coireacht eagraithe agus tá gáinneáil ar dhaoine i measc na réimsí tosaíochta atá aige. Tá Éire ina ball den ghrúpa de chuid EMPACT ar a dtugtar ETUTU agus a dhíríonn ar gháinneáil ar dhaoine ón Nigéir isteach san Aontas Eorpach.

I rith na bliana 2018, ghlac Éire páirt i Laethanta Comhghníomhaíochta EMPACT maidir le dúshaothrú saothair, dúshaothrú gnéasach agus coiriúlacht éigeantach, agus gáinneáil ar leanaí.




Chuaigh an tAonad Bainistíochta Teorann in Aerfort Bhaile Átha Cliath i mbun lá gníomhaíochta i mí Aibreáin chun feasacht a mhéadú ar bhagairt na Gáinneála ar Dhaoine agus, i mí Bealtaine, sheol an Garda Síochána idirghabhálacha agus scrúduithe spriocdhírithe i leith eitiltí áirithe i mBaile Átha Cliath, sa tSionainn, i gCnoc Mhuire agus i gCorcaigh. Rinneadh anailís ar phaisinéirí d'fhonn íospartaigh gáinneála ar dhaoine a shainaithint.

I measc na ngníomhaíochtaí eile de chineál idirnáisiúnta a cuireadh i gcrích sa bhliain 2018, áiríodh faisnéis a mhalartú go tráthrialta, trí Chainéal Interpol, le baill eile de chuid Interpol i dtaca le nithe a bhain le gáinneáil ar dhaoine, agus comhoibriú le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann i ndáil le roinnt imscrúduithe maidir le gáinneáil ar dhaoine agus maidir le striapachas eagraithe.

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA

Foilsíodh Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus sainaithníodh 65 ghníomh ar leithligh chun gáinneáil a chomhrac agus chun cabhrú le híospartaigh. Bhí na gníomhartha sin bunaithe ar an bhfreagairt i leith an Chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar an taithí idirnáisiúnta agus intíre go dtí seo agus tá foráil ann sa dara plean maidir le tionscnaimh nua chun aghaidh a thabhairt gháinneáil ar dhaoine de gach uile chineál.





Comhlánaíonn an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta seo ár gcuid gealltanas faoi Dhara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le UNSCR 1325 maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil agus na gealltanais sin atá leagtha amach in Achoimre Oibre an Phlean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

I rith na mblianta 2017 agus 208, leanadh ar aghaidh leis an obair ar chur i bhfeidhm an phlean. Tá cuid mhór de na gníomhartha curtha i gcrích agus tá obair ar siúl chun gníomhartha eile a chur i gcrích.

# 5. MEASÚNUITHE AGUS COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA

## TUARASCÁIL 2018 NA STÁT AONTAITHE maidir le 'DAOINE A GHÁINNEÁIL'

Déanann Roinn Stáit na Stát Aontaithe measúnú gach bliain ar ghníomhartha de chuid tíortha ar fud an domhain chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Cuireann na Stáit Aontaithe tíortha i gceann amháin de cheithre leibhéal ar leith. Tá an leibhéal bunaithe ar mhéid iarrachtaí na rialtas lena mbaineann chun na caighdeáin atá socraithe le hAcht na Stát Aontaithe maidir le Cosaint Íospartach Gáinneála a chomhlíonadh ar mhaithe le deireadh a chur le gáinneáil ar dhaoine, ar caighdeáin iad atá i gcomhréir le Prótacal Palermo tríd is tríd, Is é Leibhéal 1 an rangú is airde agus is é atá sna leibhéil eile ná Leibhéal 2. Leibhéal 2w agus Leibhéal 3.




I dTuarascáil 2018 maidir le Gáinneáil ar Dhaoine[11] laghdaíodh rátáil na hÉireann ó Leibhéal 1 go Leibhéal 2.

Luadh sa tuarascáil go raibh rialtas na hÉireann tar éis "iarrachtaí suntasacha a dhéanamh maidir leis na caighdeáin íosta a bhaint amach le linn na tréimhse tuairiscithe trí chomhoibriú le himscrúduithe idirnáisiúnta agus tríd an maoiniúchán do sheirbhísí d'íospartaigh a mhéadú". Ina theannta sin, rinneadh roinnt moltaí sa tuarascáil arb é a leanfadh astu, dá gcuirfí i bhfeidhm iad, ná go gcuirfí feabhas ar sheirbhísí d'íospartaigh agus go bhfágfaí gur tír naimhdeach í Éire do gháinneálaithe i dtaca lena n-íospartaigh a dhúshaothrú inti.

## Taighde UNODC trí Úsáid a Bhaint as Meastachán Córas Iolrach

Sa bhliain 2017, ghlac Éire páirt i dtaighde a choimircigh Oifig na Náisiún Aontaithe maidir le Drugaí agus Coireacht (UNODC) faoi chórais iolracha measta na líonta measta íospartach gáinneála ar dhaoine. Chlúdaigh an staidéar an tréimhse 2014-2015 agus foilsíodh é i mí na Samhna 2016. Ba é a bhí i gconclúid an staidéir, i dtaca le hÉirinn de, ná go raibh an leibhéal gáinneála tuairim is 50% níos airde ná mar atá á bhrath faoi láthair. Dealraíonn sé go léiríonn an choncluid sin go bhfuil meicníocht sainaitheanta/tuairiscithe na hÉireann measartha éifeachtach i gcomparáid le meicníochtaí tíortha eile a áirítear sa staidéar, lena n-áirítear an

[11] https://www.state.gov/reports/2018-trafficking-in-persons-report/

Ríocht Aontaithe (a trí go dtí a cúig oiread níos airde) agus an Ísiltír (a ceathair nó a cúig oiread níos airde).[12]

## Bailiú Sonraí maidir le Gáinneáil ar Daoine san Aontas Eorpach

Rannchuidigh Ballstáit AE, lena n-áirítear Éire, le mórstaidéar staitistiúil maidir le gáinneáil ar dhaoine san Aontas Eorpach agus foilsíodh an staidéar sin i mí na Nollag 2018. De réir an staidéir sin, cinneadh gurb amhlaidh, ar an meán, go raibh 44% de na híospartaigh san Aontas Eorpach ina saoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh agus go raibh 56% díobh ina saoránaigh neamh-AE. Cinneadh freisin, maidir leis na tíortha a thug tuairiscí, gurbh é an dúshaothrú gnéasach an cineál dúshaothraithe ba choitianta a bhí ann i ndáil le níos mó ná dhá thrian de na daoine a bhí bainteach le gáinneáil agus gur bhaineannaigh a bhí an i gcás níos mó ná dhá thrian de na híospartaigh.

## Grúpa Saineolaithe Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneála ar Dhaoine (GRETA)

Thug Grúpa Saineolaithe Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneála ar Dhaoine (GRETA) cuairt ar Éirinn ag deireadh na bliana 2016 agus thug siad tuairisc ar iarrachtaí na hÉireann i leith gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Ba é sin an dara measúnú a rinne GRETA ar Éirinn agus is é a bhí i gceist leis ná próiseas cuimsitheach dearfach idirphlé idir GRETA agus údaráis agus ionadaithe shochaí shibhialta na hÉireann.

Chuir Éire faisnéis uasdátaithe ar fáil do GRETA maidir leis an dul chun chinn is déanaí i leith aghaidh a thabhairt ar mholtaí Choiste na bPáirtithe i ndáil le cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine ag Éirinn. Luaitear an t-ábhar uasdátaithe sin san 8ú "*Tuarascáil faoi ghníomhaíochtaí GRETA*" a chlúdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2018. [13]

I mí na Samhna 2018, toghadh Kevin Hyland, iar-Choimisinéir Sclábhaíochta Nua-aimseartha na Ríochta Aontaithe, chuig coiste GRETA na hEorpa ar a bhfuil 15 bhall, tar éis d'Éirinn é a ainmniú. D'fháiltigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais roimh an toghadh sin mar a leanas:

"Is ionann toghadh Kevin Hyland chuig GRETA agus gnóthachtáil shuntasach agus is teist shuntasach é i leith a shaineolais agus a thaithí leathain idirnáisiúnta i réimse na gáinneála ar dhaoine ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta. Tá mé dóchasach go ndéanfaidh sé rannchuidiú mór le hobair thábhachtach GRETA. Is mian liom comhghairdeas a dhéanamh leis an Uas. Hyland agus gach rath a ghuí air sa ról fíorthábhachtach seo."

---

[12] https://www.unodc.org/documents/data-and-analysis/glotip/MSE_Research_Brief_Ireland.pdf

[13] https://rm.coe.int/8th-/168094b073

Tháinig an tUas. Hyland i gcomharbas ar an Ollamh Siobhán Mullally a toghadh mar bhall de GRETA den chéad uair sa bhliain 2012 agus a raibh post mar Uachtarán ar an gcoiste aici le linn a dara téarma oifige.

# 6. DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2018

## TIONSCADAIL FAOIN bPLEAN NÁISIÚNTA GNÍOMHAÍOCHTA

### CÓIRÍOCHT SPEISIALAITHE A SHOLÁTHAR

Faoi láthair, is é atá sa chleachtas atá ann ná go ndéantar íospartaigh na gáinneála a chur i gcóiríocht lánlóistín agus go soláthraíonn RIA seirbhísí foghabhálacha dóibh. Cé gur cóiríocht de chineál solúbtha, daingean atá ann, agus go n-oibríonn sí go maith i dtaca le gníomhaithe eile Stáit de, aithnítear gurb é atá sa chleachtas is fearr ná íospartaigh a lonnú in ionaid speisialtóireachta ina bhfaighidh siad cúram speisialtóireachta agus ina mbeidh siad in ann tacú lena chéile.

Oibreoidh AHTU le comhpháirtithe ionchasacha (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, an Roinn Tithíochta, úinéirí talún amhail comhlachtaí eaglaise) chun forbairt a dhéanamh ar réiteach cóiríochta a fhreastalóidh ar riachtanais íospartach agus, ag an am céanna, a chuirfidh a sábháilteacht agus a bpríobháideachas san áireamh. Déanfar deiseanna maidir le hiarraidh phíolótach nó maidir le hiarraidh oscailte ar thairiscintí, agus iad maoinithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a shaothrú sa bhliain 2019.

### AN PRÓISEAS SAINAITHEANTA ÍOSPARTACH

Mar chuid de phróiseas láithreach sainaitheanta íospartach, bíonn ar íospartaigh idirchaidreamh a dhéanamh le AGS (An Garda Síochána) le gur féidir leo rochtain a fháil ar thacaíochtaí a sholáthraíonn an Stát agus ceaptar go bhféadfadh sé sin cosc a chur ar íospartaigh ionchasacha teacht chun cinn chun sainaithint a lorg.

Tá sé beartaithe athrú bunúsach a dhéanamh ar an gcur chuige ina leith seo, is é sin le rá, an fhreagracht i ndáil le sainaithint a aistriú ó AGS chuig gníomhaireacht shibhialta de chuid an Stáit. Mar chuid den aistriú sin, tá sé beartaithe trédhearcacht níos mó a thabhairt isteach, lena n-áirítear ráiteas i scríbhinn faoin stádas mar íospartach. Tá tionscadal ar siúl chun an t-athrú sin a chur i gcrích agus tá plé mionsonraithe á dhéanamh idir na páirtithe iomchuí.

Cé go meastar go mbeidh an tionscadal athrúcháin seo dúshlánach, creideann Rialtas na hÉireann go bhfeabhsóidh sé freagairt an Stáit go mór i dtaca le cur chuige comhtháite íospartach-láraithe a sholáthar i leith seirbhísí a chur ar fáil do na híospartaigh lena mbaineann, ar mná leochaileacha iad go minic a bhíonn ag iarraidh éalú ó dhúshaothrú coiriúil.

## IMEACHTAÍ MÉADAITHE FEASACHTA

### CUAIRT AN PHÁPA PROINSIAS

I mí Iúil 2018, thug an Pápa Proinsias cuairt ar Éirinn agus bhuail sé leis an Uachtarán Ó hUigínn. Bhí gáinneáil ar dhaoine san áireamh sna hábhair a pléadh le linn an chruinnithe teaghlach a bhí ann mar chuid de chuairt an Phápa ar Éirinn. Bhí an bheirt cheannairí ar aon intinn faoin tábhacht a bhaineann le pobail agus daoine aonair leochaileacha a chosaint sa bhaile agus thar lear. Ina theannta sin, phléigh an Pápa Proinsias athrú aeráide,

neamhionannas, bochtaineacht, imirce agus coimhlint fhoréigneach. D'aontaigh siad nach mór cearta daonna a bheith i gcroílár na bhfreagairtí polaitíochta agus pearsanta i leith dul i ngleic le saincheisteanna den sórt sin.

## ATHSHEOLADH AN LÁITHREÁIN GRÉASÁIN DAR TEIDEAL 'BLUE BLINDFOLD'

Ar an 6 Aibreán 2018, sheol an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Charlie Flanagan TD, leagan athchóirithe den láithreán gréasáin '*Blue Blindfold*', www.blueblindfold.gov.ie. Soláthraíonn an láithreán nuadheartha, ar a dtugtar blueblindfold.gov.ie, forléargas áisiúil ar an tslí ina dtagann an choir chun cinn in Éirinn, ar an tslí inar féidir le daoine den phobal comharthaí gáinneála a thabhairt faoi deara agus a thuairisciú, agus ar an tslí ina dtacaíonn an Stát le híospartaigh nuair a shainaithnítear iad. Spreagann móitíf an '*Blue Blindfold*' do dhaoine den phobal gan neamhshuim a dhéanamh do chomharthaí na gáinneála ar dhaoine.

Le linn an láithreán uasdátaithe a lainseáil, dúirt an tAire an méid seo a leanas:

> "Príomhghné den chomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhaoine is ea sochaí eolasach atá ar an eolas go bhfuil dúshaothrú, atá comhionann le sclábhaíocht, á dhéanamh in Éirinn fós sa lá atá inniu ann. Trínár láithreán gréasáin 'Blue Blindfold' athchóirithe, táimid ag féachaint le tuilleadh eolais a thabhairt don phobal faoi cad atá i gceist le gáinneáil ar dhaoine agus faoin tslí ina dtarlaíonn sí in Éirinn."

Mar fhocal scoir, dúirt an tAire an méid seo a leanas:

> "Gach bliain, bíonn Gardaí ag brath ar fhaisnéis ó dhaoine den phobal a bhfuil deis uathúil acu faisnéis thábhachtach a sholáthar i leith sainaithint íospartach agus imscrúduithe coiriúla araon. Ná déan neamhshuim de gháinneáil ar dhaoine, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin agus faigh amach conas is féidir leat cabhrú linn deireadh a chur leis an gcoir seo in Éirinn."

## LÁ FRITHGHÁINNEÁLA DAOINE AN AONTAIS EORPAIGH

Ar Lá Frithgháinneála Daoine an Aontais Eorpaigh ar an 18 Deireadh Fómhair, d'óstáil an AHTU taispeáint scannáin faisnéise dhuaisbhaintigh dar teideal "The Price of Sex" san *Odeon* i gCearnóg an Iosta, Baile Átha Cliath.




Léiríonn an scannán faisnéise seo scéalta de chuid íospartach, ar scéalta iad a bhaineann le gáinneáil ghnéasach agus a insítear i bhfocail na n-íospartach féin. Ba í Mimi Chakarova, ar fóta-iriseoir gairmiúil í, a stiúir, a scríobh agus a léirigh an scannán. Labhair Fiona Broadfoot, ar marthanóir gáinneála gnéasaí í agus arb í bunaitheoir thionscadal *Build A Girl* í, ar Eagraíocht Neamhrialtasach faoi cheannas marthanóirí í, leis an lucht féachana faoina taithí agus faoina hobair sa réimse seo.

## IMEACHTAÍ POIBLÍ EILE

I Meán Fómhair, bhuail an tAire Staunton leis an **gComhairle um Inimircigh in Éirinn (ICI)**, leis an AHTU agus leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha (RIA) chun plé a dhéanamh faoi chúrsaí cóiríochta. Thug an tAire dá aire go bhfuil feabhas tagtha ar chóiríocht RIA le blianta beaga anuas ó thaobh cháilíocht na cóiríochta agus ó thaobh an phríobháideachais a thugtar agus ó thaobh na socruithe lónadóireachta a thairgtear agus an athraithe i dtreo maireachtála de chineál níos neamhspleáiche. Mar thoradh ar na bhfeabhsuithe sin is fearr fós an chóiríocht mar áit chónaithe do na cónaitheoirí ar fad. Thug an tAire dá aire freisin le linn an chruinnithe sin go bhfuil dlúthbhreithniú á dhéanamh ag an AHTU, i gcomhthéacs tairiscintí amach anseo laistigh de chreat láithreach RIA, ar réiteach cóiríochta cuí lena gcuirtear san áireamh riachtanais na n-íospartach a bhfuil an tráma is mó orthu.

I mí Dheireadh Fómhair, ar Lá Frithgháinneála an Aontais Eorpaigh, bhuail an tAire Flanagan le hionadaithe de chuid **MECPATHS *(Mercy Efforts Against Trafficking with the Hospitality Sector)*** chun plé a dhéanamh faoina gcuid iarrachtaí chun feasacht a mhéadú maidir leis na rioscaí ionchasacha i ndáil le gáinneáil ghnéasach ar leanaí in Éirinn.

I mí na Samhna, rinneadh ócáid frithgháinneála ar dhaoine de chuid na Náisiún Aontaithe **dar teideal "Practical Solutions to Eradicate Human Trafficking"** a sheoladh i Nua-Eabhrac. Le linn na hócáide sin, leag Ambasadóir na hÉireann chun na Náisiún Aontaithe, Geraldine Byrne Nason, béim ar thiomantas na hÉireann i leith deireadh a chur le gáinneáil ar dhaoine, rud a rinneadh trí thagairt a dhéanamh dá bplean gníomhaíochta náisiúnta, dár gcreat reachtaíochta agus beartais agus don chúnamh a thugtar d'íospartaigh trí bhíthin na Meicníochta Náisiúnta Atreorúcháin (NRM). D'áitigh an tAmbasadóir nach mór, chomh maith le freagairt dhearfach a sholáthar i leith na gáinneála ar dhaoine, comhpháirtíochtaí a chur ar bun laistigh de chomhlachtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, agus ina measc,  agus luaigh sí go leanfaidh Éire de chomhleanúnachas agus comhordú a áirithiú sna gnéithe seachtracha agus inmheánacha dár mbeartas frithgháinneála.

I mí na Nollag, rinne Ambasáid na hÉireann chuig an gCathaoir Naofa ócáid a eagrú, i gcomhar le hAmbasáid na Breataine chuig an gCathaoir Naofa, chun **Lá Frithsclábhaíochta na Náisiún Aontaithe** a chomóradh agus seoladh an ócáid sin in áitreabh Aontas Idirnáisiúnta na nArd-Uachtarán (UISG), ar scáthghrúpa é le haghaidh Siúracha crábhaidh ar fud an domhain. Labhair an tAmbasadóir Emma Madigan faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 agus faoi dhul i ngleic le nithe amhail coimhlint agus easpa deiseanna eacnamaíochta chun cabhrú le cosc a chur ar sciúirse na gáinneála.

Le blianta beaga anuas, rinneadh forbairt ar phaca do churaclam an **Oideachais Chathartha, Shóisialta agus Polaitíochta (CSPE)** i meánscoileanna agus, sa bhliain 2018, scaipeadh é ar roinnt Múinteoirí CSPE nua-oilte in Éirinn. Bhí bileoga, póstaer, leabhar dar teideal 'Don't Close your Eyes to Slavery' agus cártaí faisnéise i ngach paca, agus is nithe iad sin a éascaíonn gníomhaíochtaí foghlama grúpa do mhic léinn sa tsraith shóisearach. Tá an paca ar fáil do scoileanna ach é a iarraidh.

D'oibrigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais in éineacht le RTÉ lena chinntiú go ndearnadh faisnéis faoi thacaíochtaí agus faoi phointí teagmhála cuí a chur ar fáil don lucht féachana tar éis dráma faisnéise ardphróifíle faoi gháinneáil ar dhaoine dar teideal "Doing Money" a chraoladh. Ina theannta sin, d'oibrigh an Roinn le taighdeoir de chuid "Fair City", ar sobaldráma móréilimh é' , lena chinntiú go raibh scéal faoi gháinneáil ar dhaoine cruinn ó thaobh na bhfíoras de.

# OILIÚINT

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ OILIÚNA

Cuireadh cúrsa oiliúna trí lá maidir le gáinneáil ar dhaoine ar fáil do chomhaltaí túslíne an Gharda Síochána, d'imscrúdaitheoirí agus d'oifigigh inimirce ar dhá ócáid sa bhliain 2018. Fuair níos mó ná 120 comhalta den Gharda Síochána an oiliúint sin. San iomlán, tá oiliúint shonrach maidir le gáinneáil ar dhaoine faighte ag 1,431 chomhalta den Gharda Síochána.

Ina theannta sin, chuir *Operation Quest* oiliúint speisialaithe maidir le gáinneáil ar dhaoine agus ar naisc le striapachas eagraithe ar fáil do dhaichead comhalta den Gharda Síochána agus do phearsanra de chuid na Saotharlainne Fóiréinseolaíochta. Maidir leis na daoine atá bainteach le *Operation Quest*, tá siad bainteach go háirithe le himscrúduithe atá dírithe ar striapachas eagraithe agus ar choimeád leanúnach tithe striapachais ar bhonn náisiúnta.

Mar chuid d'iarrachtaí leanúnacha méadaithe feasachta an Gharda Síochána, bhí an tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine páirteach sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta mar chuid d'fheachtas chun feasacht a mhéadú ar gháinneáil ar dhaoine agus ar dhúshaothrú saothair i measc daoine a oibríonn a oibríonn sna hearnálacha talmhaíochta agus bia nó in éineacht le daoine a oibríonn sna hearnálacha sin.

Leantar d'oiliúint mhéadaithe feasachta a chur ar fáil do ghrúpaí éagsúla spriocdhírithe. Ina measc siúd, áirítear mic léinn tríú leibhéal, mic léinn dara leibhéal, oibrithe sóisialta, taidhleoirí atá ag dul thar lear ar mhisin ó Éirinn agus comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann.

Ina theannta sin, tugtar oiliúint do bhaill foirne de chuid institiúidí airgeadais. Is é is cuspóir don oiliúint sin ná feabhas a chur ar shainaithint idirbheart amhrasta d'fhonn cabhrú le himscrúdú airgeadais i leith déantóirí gáinneála ar dhaoine. Tugadh oiliúint do 120 ball foirne sa bhliain 2018.

# TAIGHDE

## TAIGHDE UNODC TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS MEASTACHÁN CÓRAS IOLRACH

Sa bhliain 2017, ghlac Éire páirt i dtaighde a choimircigh Oifig na Náisiún Aontaithe maidir le Drugaí agus Coireacht (UNODC) faoi chórais iolracha measta na líonta measta íospartach gáinneála ar dhaoine.[14]. Chlúdaigh an staidéar an tréimhse 2014-2015 agus foilsíodh é i mí na Samhna 2016. Ba é a bhí i gconclúid an staidéir, i dtaca le hÉirinn de, ná go raibh an leibhéal gáinneála tuairim is 50% níos airde ná mar atá á bhrath faoi láthair. Dealraíonn sé go léiríonn an chonclúid sin go bhfuil córas sainaitheanta/tuairiscithe na hÉireann measartha éifeachtach i gcomparáid le córais tíortha eile atá san áireamh sa staidéar.

[14] https://www.unodc.org/documents/data-and-analysis/glotip/MSE_Research_Brief_Ireland.pdf

### TIONSCADAL HTEPII

Cuireadh tús le Tionscadal na Gáinneála ar Dhaoine agus an Dúshaothraithe in oileán na hÉireann (HTEPII - tionscadal Santa Marta) i mí a Mheithimh 2018 agus bhí Coláiste Oideachais Mhuire Gan Smál i gceannas air. Faigheann an tionscadal taighde sin páirtmhaoiniú ón nGarda Síochána agus faigheann sé tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Meastar go dtiocfaidh deireadh leis an tionscadal sa bhliain 2020.

Tá an tionscadal dírithe ar thacair shonraí ardcháilíochta atá in Éirinn maidir le gáinneáil ar dhaoine a shainaithint; ar fheabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ann faoi láthair; ar chomhoibriú a dhéanamh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha; ar anailís a dhéanamh ar shonraí faoi gháinneáil ar dhaoine agus faoi fhaisnéis maidir le sclábhaíocht; ar cheardlanna a reáchtáil chun faisnéis mhéadaithe feasachta a scaipeadh ar chomhlachtaí amhail scoileanna agus institiúidí; agus ar thuarascáil agus lámhleabhar a chur ar fáil.

## MAOINIÚCHÁN

### Maoiniúchán ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

De réir an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac, tugtar gealltanas go gcinnteoidh an Roinn go mbeidh maoiniúchán ar fáil d’Eagraíochtaí Neamhrialtasacha atá gníomhach i réimse na gáinneála ar dhaoine.

Tríd an ngealltanas sin, tugtar aitheantas don ról atá ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha maidir le cabhrú le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine rochtain a fháil ar na tacaíochtaí riachtanacha chun cabhrú leo téarnamh ón uafás a d’fhulaing siad.

Chuir an Roinn maoiniúchán ar fáil do na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha seo a leanas:

<u>Ruhama</u>

Cuireadh €325,000 ar fáil do Ruhama

- chun a chumasú dó tacaíocht, cúnamh agus deiseanna a chur ar fáil do mhná a ndearnadh gáinneáil orthu ar mhaithe le dúshaothrú gnéasach, agus
- chun cúnamh agus deiseanna a chur ar fáil chun scrúdú a dhéanamh ar mhalairtí ar striapachas agus ar théarnamh fadtéarma ó thráma na gáinneála gnéasaí
- chun oibriú chun athrú a dhéanamh ar dhearcthaí an phobail agus ar chleachtais agus ar bheartais phoiblí trína n-éascaítear dúshaothrú ban trí bhíthin striapachais.

Ar an meán, tacaíonn Ruhama le 300 bean sa bhliain, is é sin, mná atá thíos le striapachas nó le gáinneáil ghnéasach.

<u>Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn</u>

Cuireadh €50,000 ar fáil do MRCI. Ós rud é go bhfuil dálaí oibre contúirteacha tar éis teacht chun cinn, gan trácht ar an riosca gaolmhar maidir le gáinneáil ar dhaoine, in earnálacha áirithe tá ról lárnach ag MRCI maidir le feasacht a mhéadú i measc pobail imirceach agus maidir le táscairí gáinneála a aithint sa phobal sin. Ina theannta sin, soláthraíonn MRCI

oiliúint do raon leathan gairmithe agus gníomhaireachtaí maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú saothair.